

Gairmscoil na bPiarsach

Samhain

2014



Fáilte abhaile go Ros Muc
Méara Martin J Walsh



Scoláirí an 1ú bliain lena gcuir ríomháirí nua i bhfoirm taibléidí.

Focal ón bPríomhoide

A scoilphobal

Tá an bhliain scoile tosaithe go maith faoi seo agus na scoláirí socruithe isteach agus iad i mbun a gcuid oibre go díograiseach. Tá go leor curtha i gcrích acu ó thús na bliana. Cuirim fáilte roimh scoláirí Bliain 1, an dá dhuine dhéag acu siadsan **Neasa, Ríona, Lauren, Aaron, Denis, Tomás, Cian, an dá Evelyn agus an triúr Oisín**. Is scoláirí deas comhoibríoch iad agus táim cinnte go gcuirfidh siad go mór leis an atmaisféar sa scoil. Cé go fhaitíonn muid roimh scoláirí bhliain 1, faraor caithfear slán a fhágail le **scoláirí na hArdteiste 2013/14**. D'éirigh thar barr leo ar fad ins na scrúduithe agus táim cinnte go n-éireoidh go geal leo ina saol. Thar cheann an fhoireann teagaisc, gabháim buíochas leis an rang chomh maith as ucht an oíche aláinn shóisialta na 'Debs' a chuir siad ar fáil in Óstan Bhóthar na Trá le gairid. Is mór an chreidiúnt iad na iar-scoláirí úd dá dtuismitheoirí agus dár scoil.

Maidir le torthaí scrúduithe, treasláim chomh maith le scoláirí an teastas shóisearaigh as ucht a gcuid torthaí siúd. Bhíodar thar barr agus táimid ag súil le torthaí chomh maith céanna arís leis an rang úd faoi cheann dhá bhliain san Ardeist.

Cuireadh failte mhór anseo i nGairmscoil na bPiarsach maraon le chuire áit eile i gConamara roimh **Méara Bhostúin, Martin J. Walsh**. Táimid ar fad fíorbhródúil as a chuid éachtaí go dtí seo agus sásta gur chaith sé scatheamh bheag inár measc, Táim cinnte go bhfuair na scoláirí agus muid ar fad dea-theachtaireachtaí as a chuairt. Ba é teachtaireacht na scoile dhomsa ná ná déanadh muid dearmad ar thábhacht an oideachais agus an ról lárnach atá ag d'áit dúcháis i do chroí. Cibé áit ar domhan a rachas ár scoláirí amach anseo, cuimhnigí i gconaí ar Chonamara, ar do theanga agus ar an oideachas a cuireadh ar fáil anseo sa cheantar. Ó thaobh cúrsaí spóirt de go h-áitúil, déanaimid comhghairdeachas le **foirne faoi 12 agus faoi 16 Carna-Caiseal/Na Piarsaigh** a bhuaigh craobhacha contaie le gairid.

Guím chuire rath ar obair na múinteoirí agus na scoláirí le linn an scoilbhliain seo. Éireoidh go geal leo. Táim cinnte de sin.

Peadar ó Loideain (Príomhoide)

Ré nua na teicneolaíochta i nGairmscoil na bPiarsach!

Tá muid breá sásta a rá go bhfuil táibléad 'microsoft surface RT' ag scoláirí nua an chéad bhliain agus is cinnte gur iontach an áis iad seo dóibh agus iad ag tabhairt aghaidh ar an chéad bhliain linn i nGairmscoil na bPiarsach. Tá na leabhair scoile ar fad ar na ríomháirí úd, rud a chiallaíonn go mbíonn na málaí níos eadroime. Is féidir iad a úsáid chun eolas a aimsiú ar líne agus chomh maith leis sin cruthóidh na táibléid níos mó deiseanna do dhaltaí agus do mhúinteoirí co-oibriú lena chéile taobh amuigh den scoil trí chóras **'OneDrive'** a úsáid. Tá an teicneolaíocht ag dul ó neart go neart le cúpla bliain anseo sa nGairmscoil rud a chuireas le deiseanna foghlamtha na scoláirí inár scoil. **Martha Ní Chualáin**



Ard Teist 2013 & 2014 ag an gcóisir Debs



Buaiteoirí Lá Ga-Ga


1ú bliain – Riona de Búrca agus Eveline Ní Niadh

2ú bliain - Colm Ó Conghaile agus Sarah Ní Churrín.

3ú Bliain - Gráinne Ní Eidhin agus Rebecca Ní Mhadaoin

4ú bliain - Ciara Ní Dhroighneáin

5ú bliain – Colin agus Colene Ní Niadh



Maidin Caife don Oispís

Buíochas le chuile dhuine idir scoláirí, múinteoirí (go h-áirithe an múinteoir Tíos, **Marianne Ní Thuama**) agus pobal na h-áite a thug tacaíocht don Mhaidin Caife ar mhaithe le **Oispís na Gaillimhe**. Bailíodh **€777.74** ar fad.

(Bridie Uí Chonámha)

Gairmthreoir

D'fhreastal an Ard Teist maraon leis an múinteoir Gairmthreoir **Patricia Uí Fhlaithearta** ar lá oscailte in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le déanaí. Chomh maith leis sin thug an **Oifigeach ACCESS Mary Surless** cuairt ar an scoil le Scileanna Staidéar a dhéanamh leis an Ard Teist.



Reelife Science

Evelyn Ní Ghriallais ón gcéad bhliain ag déanamh agallamh ar TG4 mar gheall ar an duais a bhain Scoil Mhúire amach sa gComórtas Reelife Science anuraidh.



Cuir i láthair ó SHOUT ar chúrsaí LGBT mar chuid de Sheachtain an Cháirdeas.



Seachtain na Matamaitice: Le linn seachtain na Matamaitice le déanaí d'eagraigh **Maryanne Ní Dhonnachadha** imeachtaí éagsúla Matamaitice. Comhghárdeachas lena buaiteoirí seo a leanas a ghlac páirt sa gcomórtas **Sudoku**;

1ú bl – Oisín Mac Donnacha

2ú bl – Saoirse Ní Chonaire

3ú bl – Catherine Ní Chlocharta

4ú bl – Ciara Ní Dhroighneáin

5ú bl – Aoife Ní Chonghaile

Imeachtaí eile:

Chaith scoláirí an chéad agus dara bliain lá ag an **Ionad Eachtraíochta i gCeapach na gCapall** i mí Meán Fhómhair. In éineacht leo ar an lá céanna bhí an rang **Bitheolaíochta 4ú bliain** ag déanamh obair allamuigh mar chuid den chúrsa Ard Teist.

Tugadh an **ceathrú bliain** isteach chuig pictiúrlann na Gaillimhe mar luach saothair ar na dea-thorthaí a fuair sa Teastas Shóiséarach.

Le linn an tsamhradh d'fhreastal scoláirí an **chéad bhliain** ar **champa samhradh** a bhí ar siúl sa scoil. D'fhreastal naonúr de scoláirí na scoile ar an **gCúrsa i mBunscoileanna i gCeird na hIascaireachta** a bhí ar siúl sa scoil ar feadh 4 seachtaine. Is cúrsa QQI/FETAC leibhéal 3 a bhí anseo agus cuireadh 4 mhodúil i gcrích.

Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc,
091-574100

Ríomhphost: piarsach@gretb.ie

www.gairmscoilnabpiarsach.com

Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha